Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 11 Deireadh Fómhair 2023**
**(OR. en)**

**13960/23**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/0367(BUD)**

**FIN 1027**

## NÓTA CLÚDAIGH

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 11 Deireadh Fómhair 2023 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2023) 530 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh DHRÉACHTBHUISÉAD LEASAITHEACH Uimh.4 A GHABHANN LE BUISÉAD GINEARÁLTA 2023 Laghdú ar leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí Coigeartuithe eile agus nuashonruithe teicniúla |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2023) 530 final.

---

Faoi iamh: COM(2023) 530 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 11.10.2023
COM(2023) 530 final

2023/0367 (BUD)

Togra le haghaidh

**DHRÉACHTBHUISÉAD LEASAITHEACH Uimh. 4**
**A GHABHANN LE BUISÉAD GINEARÁLTA 2023**

**Laghdú ar leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí**

**Coigeartuithe eile agus nuashonruithe teicniúla**

Ag féachaint don mhéid seo a leanas:

– an Conradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 314 de, i gcomhar leis an gConradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach, agus go háirithe Airteagal 106a de,

– Cinneadh (AE, Euratom) 2020/2053 ón gComhairle an 14 Nollaig 2020 maidir le córas acmhainní dílse an Aontais Eorpaigh[1], a tháinig i bhfeidhm an 1 Meitheamh 2021,

– Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais (...)[2], agus go háirithe Airteagal 44 de,

– buiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2023, a glacadh an 23 Samhain 2022[3],

– lena leasaítear buiséad Uimh. 1/2023[4], a glacadh an 13 Meitheamh 2023,

– lena leasaítear buiséad Uimh. 2/2023[5], a glacadh an 11 Iúil 2023,

– dréacht lena leasaítear buiséad Uimh. 3/2023[6], a glacadh an 3 Iúil 2023,

Leis seo, cuireann an Coimisiún Eorpach Dréachtbhuiséad Leasaitheach Uimh. 4 a ghabhann le buiséad 2023 faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus faoi bhráid na Comhairle.

## ATHRUITHE AR AN RÁITEAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS DE RÉIR ROINNE

Tá na hathruithe ar an ráiteas ginearálta ioncaim agus ar roinn III féin le fáil ar EUR-Lex (https://eur-lex.europa.eu/budget/www/index-en.htm).

[1] Cinneadh (AE, Euratom) 2020/2053 ón gComhairle an 14 Nollaig 2020 maidir le córas acmhainní dílse an Aontais Eorpaigh agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2014/335/AE, Euratom, IO L 424, 15.12.2020.

[2] Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n- aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012, IO L 193, 30.7.2018.

[3] IO L 58, 22.2.2023.

[4] IO L 189, 27.7.2023.

[5] IO L 232, 20.9.2023.

[6] COM(2023) 406, 3.7.2023.

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. Réamhrá

Is é is cuspóir do Dhréachtbhuiséad Leasaitheach (DBL) Uimh. 4 don bhliain 2023 an ghné caiteachais den bhuiséad a nuashonrú chun na gcríoch seo a leanas:

– Laghdú EUR 280 milliún i leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus laghdú EUR 264 mhilliún i leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí a dhéanamh ar an tionscadal dar teideal Imoibreoir Trialach Teirmeanúicléach Idirnáisiúnta (ITER), mar thoradh ar na moilleanna a bhí ann le linn chur chun feidhme an tionscadail, ar moilleanna iad nach mbeifear in ann a shlánú níos déanaí i mbliana;

– Laghdú faoi mhéid iomlán EUR 3 bhilliún a dhéanamh ar leibhéal na leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí don Chlár don Eoraip Dhigiteach, do Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE), do Chiste Sóisialta na hEorpa Plus (CSE+), don Chiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus don Chiste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht (AMIF). Ní rabhthas in ann na méideanna sin a chur san áireamh sna hath-leithdháiltí a moladh san 'Ollaistriú' (DEC 13/2023) a cuireadh faoi bhráid na Parlaiminte agus faoi bhráid na Comhairle an 27 Meán Fómhair 2023;

– Leibhéal an chaiteachais riaracháin, na bpinsean agus na Scoileanna Eorpacha faoi cheannteideal 7 a choigeartú agus leibhéal na leithreasuithe a mhéadú faoi EUR 32,5 milliún mar thoradh ar athbhreithniú ar thuarastail, líon níos airde tairbhithe pinsin, agus praghsanna fuinnimh atá ard fós;

– A cheadú don tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí (SEGS) 20 saineolaí náisiúnta ar iasacht, saor ó chostas, a earcú don Chumas Míleata Pleanála agus Seolta (MPCC) gan tionchar a imirt ar leibhéal na leithreasuithe in 2023;

– Coigeartú a dhéanamh ar ranníocaíocht an Aontais le hOifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE) agus ar líon na bpost san oifig sin chun a slándáil agus a cibearshlándáil a threisiú;

– Ranníocaíocht an Aontais leis an nGníomhaireacht Eorpach Comhshaoil a choigeartú chun go gcuirfí san áireamh an chaibidlíocht atá ar siúl faoi láthair maidir leis an togra i dtaca leis an dlí um athchóiriú dúlra;

Ar an iomlán, laghdú caiteachais EUR 247,5 milliún i leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus EUR 3 254,8 milliún i leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí is ea tionchar glan an dréachtbhuiséid leasaithigh seo.

## 2. LAGHDÚ AR LEITHREASUITHE THIONSCADAL ITER

Tháinig méadú de réir a chéile i rith na bliana ar na deacrachtaí a bhain le cur chun feidhme thionscadal ITER, mar gheall go sonrach ar an ngá fíor-riachtanach le roinnt codanna a dheisiú. Tá cleachtadh iomlán maidir le hathshocrú na mbunlínte idir lámha i dtaca leis an tionscadal faoi láthair, cleachtadh a bhfuil sé beartaithe go nglacfadh Comhairle ITER é i mí na Samhna 2024. Is é atá ann mar gheall ar an staid sin laghdú tábhachtach ar na riachtanais in 2023 maidir le leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí araon. Dá bhrí sin, molann an Coimisiún leibhéal na leithreasuithe sa dréachtbhuiséad leasaitheach seo a laghdú faoi EUR 280 milliún i leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus faoi EUR 264 mhilliún i leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí.

| Líne bhuiséid | Ainm | Leithreasuithe faoi chomhair gealltanas | Leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí |
|---|---|---|---|
| 01 04 01 | Tógáil, oibriú agus saothrú saoráidí ITER — An Comhghnóthas Eorpach um ITER — agus um Fhuinneamh Comhleá a Fhorbairt | -280 000 000 | -264 000 000 |
| **Iomlán** | | **-280 000 000** | **-264 000 000** |

## 3. RIACHTANAIS LAGHDAITHE I LEITHREASUITHE FAOI CHOMHAIR ÍOCAÍOCHTAÍ

Cleachtadh bliantúil is ea an 'tOllaistriú' a eagraítear laistigh den Choimisiún lena n-iarrtar ar na hArd-Stiúrthóireachtaí agus ar na Seirbhísí uile athbhreithniú a dhéanamh faoi thús mhí Mheán Fómhair ar chur chun feidhme íocaíochtaí an bhuiséid atá ann faoi láthair, is é sin, an cur chun feidhme acu féin, go dtí deireadh na bliana lena mbaineann. Is é is aidhm don chleachtadh sin cur chun feidhme uasta buiséid a áirithiú i leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí ag deireadh na bliana trí riachtanais bhreise a mheaitseáil le tearcúsáid a bhfuil coinne léi. Mar thoradh air sin, cuirtear iarraidh *ad hoc* ar aistriú i gcomhréir le hAirteagal 31 den Rialachán Airgeadais[7] faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus faoi bhráid na Comhairle gach bliain.

Léirigh an cleachtas 'Ollaistrithe' gur bhain tearcúsáid beagnach EUR 4,6 billiún le roinnt clár, tearcúsáid a rinneadh a chomhardú go páirteach le hiarrataí ar atreisithe dar méid thart ar EUR 1,6 billiún. Ní féidir an t-iarmhéid EUR 3 bhilliún atá fágtha a iompar in 2023 agus caithfear é a laghdú ionas nach mbeidh barrachas caiteachais ann ag deireadh na bliana. Dá bhrí sin, molann an Coimisiún laghdú mar a leanas a dhéanamh ar leibhéal na leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí maidir leis an gClár don Eoraip Dhigiteach, Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE), Ciste Sóisialta na hEorpa Plus (CSE+), an Ciste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus an Ciste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht (AMIF):

- An Clár don Eoraip Dhigiteach faoi EUR 348,6 milliún
- CFRE faoi EUR 1 081,3 milliún
- CSE+ faoi EUR 650 milliún
- CETFT faoi EUR 685 mhilliún
- AMIF faoi EUR 259 milliún

Is clár nua é DEP. Murab ionann agus cláir sheanbhunaithe, dírítear leis an gClár don Eoraip Dhigiteach ar thairbhithe nach bhfuil chomh heolach céanna ar rialacha cistiúcháin an Aontais; mar thoradh air sin, bíonn tearc-chlárú páirteach ann, arb é is cúis leis freisin uaireanta íogaireacht i dtaca le saincheisteanna cibearshlándála agus moill a bheith ar ghealltanais na mBallstát (meastar go

[7] IO L 193, 30.7.2018.

dtiocfaidh chomhinfheistíochtaí 50 % de ó na buiséid náisiúnta). Thairis sin, maidir leis na seiceálacha a fhorchuirtear, go háirithe le hAirteagal 12 de Rialachán Chláir don Eoraip Dhigiteach[8] maidir le srianta ar rannpháirtíocht, tá sé léirithe go nglacann siad go leor ama agus gur chuir siad moill uaireanta ar shíniú comhaontuithe deontais agus ar roinnt comhad mór soláthair. Ba é an toradh air sin barrachais i leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí.

Maidir le CFRE agus CSE+, is é is cúis leis an laghdú EUR 1,72 billiún i leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí gur glacadh cláir 2021–27 go déanach, níor glacadh aon chlár ina leith sa chéad bhliain den chreat airgeadais ilbhliantúil (CAI). Formhór na gclár a glacadh (61 % de na cláir), glacadh iad le linn na ráithe deiridh de 2022, agus bhí sé chlár fós le glacadh in 2023.

Cé go bhfuil údaráis na mBallstát ag díriú a n-iarrachtaí ar chur chun feidhme a gclár 2014–20 (lena n-áirítear REACT-EU) agus na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta (RRF) a thabhairt chun críche, tá tionchar diúltach á imirt ag an gclársceidealú sin ar luas cur chun feidhme na tréimhse 2021–27 agus ar an leibhéal éileamh a mheastar a gheofar roimh dheireadh 2023. Léirítear an mhoill freisin sa nuashonrú is déanaí ar réamhaisnéisí na mBallstát ó mhí Iúil 2023, a bhí EUR 2,1 billiún (-41 %) níos ísle ná na cinn a cuireadh isteach in Eanáir 2023. Dá bhrí sin, cuirtear san áireamh sa laghdú atá beartaithe ag an gCoimisiún réamhaisnéis na mBallstát, an leibhéal roghnúcháin tionscadal atá ann dáiríre, an phíblíne chaiteachais arna dearbhú ag na tairbhithe agus staid na himeartha maidir le comhlíonadh na gcoinníollacha cumasúcháin i dtaca leis na cláir uile.

Ina theannta sin, molann an Coimisiún laghdú EUR 10,8 milliún i leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí le haghaidh na líne críochnaithe maidir le Gníomhaíochtaí nuálacha i réimse na forbartha inbhuanaithe uirbí. Bhí cur chun feidhme an tionscnaimh sin níos tapa ná mar a raibh coinne leis agus in 2022, treisíodh an buiséad tosaigh de EUR 31,8 milliún faoi EUR 20,2 milliún trí aistrithe inmheánacha ón gCoimisiún. Mar thoradh air sin, tá na riachtanais íocaíochta le haghaidh 2023 níos ísle ná an leibhéal a cuireadh san áireamh ar dtús i mbuiséad 2023.

Maidir le CETFT, tá anailís déanta ag an gCoimisiún ar na dearbhuithe caiteachais a fuarthas go dtí seo agus ar na réamhaisnéisí is déanaí ó na Ballstáit a cuireadh isteach faoi dheireadh mhí Lúnasa 2023. Tá feidhmiú CETFT 2023–2027 níos moille ná mar a raibh coinne leis agus tá sé níos ísle ná mar a léiríodh i réamhaisnéisí na mBallstát roimhe seo. Dhá fhachtóir is cúis leis an tearcúsáid a bhfuil coinne léi. Ar an gcéad dul síos, díríonn na Ballstáit a gcuid iarrachtaí ar chur chun feidhme CETFT 2014–2022 a uasmhéadú chun saoradh a sheachaint. Ar an dara dul síos, tugann na Ballstáit tús áite do chur chun feidhme na dtionscadal a fhaigheann tacaíocht ó Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh (NGEU). Mar thoradh air sin, tá glanbharrachas comhiomlán EUR 685 mhilliún i leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí ann nach féidir a chur chun feidhme i mbliana.

I gcás AMIF, tá na riachtanais íocaíochta fhoriomlána a bhaineann le Cúnamh Éigeandála níos ísle ná mar a measadh i dtús báire. Go sonrach, tá roinnt sonrasc ardluacha fós á n-anailísiú, agus tá roinnt ceanglas ann maidir le coinníollacht íocaíochta nár comhlíonadh go fóill i dtaca le tionscadail áirithe. Sa chás sin, cuirtear moill ar na híocaíochtaí comhfhreagracha go dtí 2024 go dtí go dtíolactar doiciméid tacaíochta chomhlántacha. Ina theannta sin, déanfar leibhéal níos ísle imréitigh cuntas ná mar a bhí beartaithe, rud a chuirfidh tuilleadh moille ar íocaíochtaí go dtí 2024.

Leagtar amach thíos an laghdú mionsonraithe ar leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí a iarrtar sa dréachtbhuiséad leasaitheach seo:

*EUR*

[8] Rialachán (AE) 2021/694 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2021 lena mbunaítear an Clár don Eoraip Dhigiteach agus lena leasaítear Cinneadh (AE) 2015/2240, IO L 166, 11.5.2021, lgh. 1–34.

| Líne bhuiséid | Ainm | Leithreasuithe faoi chomhair gealltanas | Leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí |
|---|---|---|---|
| *Roinn III – An Coimisiún* | | | |
| 02 04 01 11 | An Lárionad Eorpach um Inniúlachtaí Tionsclaíochta Cibearshlándála, Teicneolaíochta Cibearshlándála agus Taighde Cibearshlándála | 0 | - 65 653 251 |
| 02 04 02 10 | Ríomhaireacht ardfheidhmíochta | 0 | - 24 803 554 |
| 02 04 03 | Intleacht shaorga | 0 | - 156 431 542 |
| 02 04 04 | Scileanna | 0 | - 49 440 166 |
| 02 04 05 01 | Cur chun feidhme | 0 | - 45 500 204 |
| 02 04 05 02 | Cur chun feidhme / Idir-inoibritheacht | 0 | - 6 731 567 |
| 05 02 01 | CFRE — Caiteachas oibríochtúil | 0 | - 1 070 000 000 |
| 05 02 99 03 | CFRE a chur i gcrích — Airteagal 25 — Airteagal 11 (roimh 2021) | 0 | - 439 426 |
| 05 02 99 04 | CFRE a chur i gcrích — Gníomhaíochtaí nuálacha i réimse na forbartha uirbí inbhuanaithe (roimh 2021) | 0 | - 10 830 465 |
| 07 02 01 | Snáithe CSE+ faoi bhainistíocht roinnte – Caiteachas oibríochtúil | 0 | - 650 000 000 |
| 08 03 01 01 | Cineálacha idirghabhálacha maidir le forbairt tuaithe faoi Phleananna Straitéiseacha CBT | 0 | - 685 000 000 |
| 10 02 99 01 | Gníomhaíochtaí roimhe seo a cuireadh i gcrích sa réimse imirce (roimh 2021) | 0 | - 259 000 000 |
| **Iomlán** | | **0** | **-3 023 830 175** |

## 4. Riarachán Poiblí Eorpach

Sa dréachtbhuiséad leasaitheach 4/2023 seo, molann an Coimisiún coigeartuithe ar cheannteideal 7 'Riarachán Poiblí Eorpach', go háirithe i ndáil le tionchar an choigeartaithe tuarastail mhéadaithe ar chaiteachas riaracháin: 2,7 % (i.e. nuashonrú iarmharach 1,0 % tar éis an chéad nuashonrú 1,7 % ón 1 Eanáir) in ionad + 2,6 % le cur i bhfeidhm go cúlghabhálach amhail ón 1 Iúil 2023 mar a úsáidtear i mbuiséad 2023, líon níos airde tairbhithe nua pinsin i gcomparáid leis na meastacháin tráth a bunaíodh buiséad 2023, agus tionchar praghsanna fuinnimh, atá ard fós.

**Caiteachas riaracháin na n-institiúidí**

Bíonn mórthionchar ag boilsciú ard, praghsanna fuinnimh atá ard fós, agus an t-éabhlóidiú maidir le cumhacht cheannaigh na státseirbhíseach sna Ballstáit ar chaiteachas riaracháin na n-institiúidí, agus ar phinsin agus ar scoileanna Eorpacha.

I gcomhréir le hAirteagail 64 agus 65 de na Rialacháin Foirne, déantar luach saothair oifigigh agus sheirbhísigh eile an Aontais Eorpaigh a nuashonrú gach bliain, i bhfianaise tuarascáil arna tíolacadh ag an gCoimisiún, agus í bunaithe ar shonraí staidrimh arna n-ullmhú ag Eurostat i gcomhaontú le hoifigí staidrimh náisiúnta na mBallstát, lena léirítear an staid sna Ballstáit an 1 Iúil. Bunaítear ríomh an nuashonraithe ar phrionsabal na comhthreomhaireachta idir éabhlóidiú luach saothair réadach (glan ar bhoilsciú) oifigigh an Aontais agus státseirbhísigh náisiúnta na mBallstát. Léirítear leis an éifeacht atá ag dhá phríomh-athróg i dteannta a chéile:

— Éabhlóidiú bliantúil fíorthuarastal státseirbhíseach i rialtais láir de chuid sampla de dheich gcinn de Bhallstát ar mó a n-olltáirgeacht intíre (OTI) ná 75 % de OTI an Aontais.

— Boilsciú bliantúil sa Bhruiséil agus i Lucsamburg arna ríomh trí bhoilsciú náisiúnta praghsanna tomhaltóirí, arna dtomhas ag HICP na Beilge agus CPI Lucsamburg, a ualú i gcomhréir le dáileadh bhaill foirne an Aontais atá i mbun seirbhíse sna Ballstáit sin.

I mbuiséad 2023, is é 2,6 % (tionchar 6 mhí) ráta réamh-mheasta an nuashonraithe tuarastail atá le cur i bhfeidhm go cúlghabhálach ón 1 Iúil 2023. Rinne seirbhísí an Choimisiúin an ráta sin a ríomh i mí na Samhna 2022, bunaithe ar an éabhlóidiú a measadh a thiocfadh ar an gcumhacht cheannaigh agus ar an gcostas maireachtála don tréimhse thagartha (an 1 Iúil 2022 – an 30 Meitheamh 2023), i gcomhréir leis an modh a leagtar síos sna Rialacháin Foirne.

I gcomhréir leis na forálacha a leagtar amach in Iarscríbhinn XI a ghabhann leis na Rialacháin Foirne, eiseofar tuarascáil Eurostat ar an gcleachtadh atá ann faoi láthair an 31 Deireadh Fómhair 2023, agus leagfar amach inti an coigeartú a dhéanfar ar ghlanluach saothair ainmniúil oifigigh an Aontais Eorpaigh sa Bhruiséil agus i Lucsamburg le héifeacht ó mhí Iúil 2023 d'fhonn forbairt cumhachta ceannaigh a choinneáil ar bun a bheidh comhthreomhar le forbairt chumhacht cheannaigh na státseirbhíseach náisiúnta sna Ballstáit. Cé go ndéanfar an tuarascáil ón gCoimisiún[9] chuig an gComhairle agus chuig Parlaimint na hEorpa a ghlacadh i mí na Samhna, is iomchuí athbhreithniú a dhéanamh ar an gcás agus, gan dochar don tuarascáil chríochnaitheach sin, is ard an dóchúlacht go mbeidh nuashonrú ar thuarastail ann a bheidh beagán níos airde ná an nuashonrú a úsáideadh chun buiséad 2023 a bhunú. An t-innéacs comhpháirteach idir an Bheilg agus Lucsamburg (JBLI) don tréimhse ábhartha go háirithe, tá sé i bhfad níos airde ná mar a tuaradh ar dtús (4,6 %). San am céanna, meastar go dtiocfaidh laghdú -1,8 % ar chumhacht cheannaigh na ndeich mBallstát tagartha, rud a fhágfaidh go mbeidh ráta iomlán nuashonrúcháin 2,7 % ann.

Ós rud é go leagtar uainiú na tuarascála amach go soiléir in Iarscríbhinn XI a ghabhann leis na Rialacháin Foirne amhail ag deireadh mhí Dheireadh Fómhair, bheadh sé ródhéanach buiséad leasaitheach a mholadh go foirmiúil tar éis cinneadh deiridh a bheith déanta maidir leis an ráta. Mar sin féin, i gcomhréir le prionsabail bhuiséadacha na bainistíochta fónta airgeadais agus an

[9] Le hAirteagal 65(1) de na Rialacháin Foirne agus de Choinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh, cuirtear d'oibleagáid ar an gCoimisiún sonraí a sholáthar a bhaineann leis an tionchar buiséadach a imríonn luach saothair agus pinsin oifigigh an Aontais i bhfianaise nuashonrú 2023 ar luach saothair agus pinsin oifigigh agus sheirbhísigh eile an Aontais, agus a bhaineann leis na comhéifeachtaí ceartúcháin a chuirtear i bhfeidhm maidir leo.

bhuiséadaithe chruinn, tá údar maith le togra chun na leithreasuithe buiséadacha a bhaineann le tuarastail agus pinsin a mhéadú.

Tá iarracht déanta ag an gCoimisiún srian a chur lena chaiteachas riaracháin trí bheartas foirne docht cobhsaí a choinneáil ar bun agus trí laghduithe nach beag a chur i bhfeidhm a mhéid is féidir maidir le caiteachas nach mbaineann le tuarastail, e.g. caiteachas a bhaineann le cruinnithe agus coistí. Dá bhrí sin, ní iarrtar aon leithreasú breise don Choimisiún a mhéid a bhaineann leis an ráta níos airde maidir le nuashonrú tuarastal.

Ar an gcaoi chéanna, tá gach iarracht ab fhéidir déanta ag na hinstitiúidí eile riachtanais bhreise a chumhdach trí acmhainní atá ann cheana a ath-leithdháileadh agus infheistíochtaí neamhéigeantacha a chur ar atráth. Mar sin féin, is gá treisiú EUR 300 000 agus EUR 1,8 milliún a chur le caiteachas riaracháin Choiste na Réigiún agus na Seirbhíse Eorpaí Gníomhaíochta Seachtraí, faoi seach. I gcás na n-institiúidí eile, níl aon ghá le treisiú.

I dteannta na n-eilimintí thuas, beidh caiteachas breise ann go dtí deireadh 2023 mar thoradh ar ardleibhéal leanúnach na bpraghsanna fuinnimh, caiteachas a n-íocfar é, a mhéid is féidir, trí ath-leithdháileadh agus aistrithe. I gcás Choiste na Réigiún, áfach, tá gá le treisiú EUR 250 000 maidir le caiteachas fuinnimh chun na hoibleagáidí conarthacha gaolmhara uile a chomhlíonadh.

**Pinsin**

Maidir le caiteachas pinsin, léirítear i réamh-mheastachán na riachtanas go dtí deireadh 2023 easnamh EUR 49,1 milliún, mar gheall ar go leor eilimintí arb é is toradh orthu méadú ar an gcaiteachas pinsin atá á thuar le haghaidh 2023:

- Easnamh nach beag i leithreasuithe maidir le pinsin scoir toisc gurbh airde faoi 238 líon na dtairbhithe pinsin ag deireadh 2022 ná mar a measadh i mbuiséad 2023; bhain 39 % den mhéadú sin le tairbhithe ó ghníomhaireachtaí díláraithe.
- Méadú dóchúil níos airde, agus é cosúil leis an méadú thuas, ar líon na dtairbhithe pinsin le linn 2023 i gcomparáid leis na toimhdí a úsáideadh i mbuiséad 2023, ós rud é go bhfuil líon breise na dtairbhithe pinsin seanaoise ó bhí mí Eanáir 2023 ann beagnach ionann, i mí Mheán Fómhair féin, agus an méadú iomlán atá á mheas le haghaidh 2023, agus go bhfuil líon na dtairbhithe a bhfuil leithdháileadh easláine á fháil acu tar éis an réamhaisnéis a shárú faoi níos mó ná 50 %.
- Tionchar an athraithe ar an gcoigeartú bliantúil maidir le pinsin a thuairiscítear thuas, lena n-áirítear na riachtanais bhreise go ceann 6 mhí mar gheall ar an nuashonrú idirmheánach pinsin de 1,7 % ón 1 Eanáir 2023.

Is é is toradh ar na heilimintí thuas easnamh foriomlán EUR 61,1 milliún ar chaiteachas pinsin. Cúitítear cuid den easnamh sin le barrachas thart ar EUR 12 mhilliún a eascraíonn as íocaíochtaí níos ísle ná mar a raibh coinne leo a bhaineann le comhéifeachtaí ceartúcháin le haghaidh pinsinéirí. Déantar na comhéifeachtaí ceartúcháin[10] a choigeartú an tráth céanna le tuarastail agus pinsin chun paireacht cumhachta ceannaigh a áirithiú ar fud na mBallstát uile ina bhfuil cónaí ar bhaill foirne ar scor.

Ina theannta sin, tá sé beartaithe EUR 27,6 milliún a ath-leithdháileadh ó na línte buiséid le haghaidh luach saothair foirne ós rud é go bhfuil solúbthacht ann go huathoibríoch mar gheall ar an méadú níos

[10] Tar éis athchóiriú 2004 ar na Rialacháin Foirne, ní chuirtear comhéifeachtaí ceartúcháin do bhaill foirne atá ar scor i bhfeidhm ach amháin maidir le cearta pinsin a fuarthas roimh 2004.

airde ar scoir, rud a fhágfaidh go bhféadfar leithreasuithe a aistriú ar an gcaoi sin. Ar an iomlán, is é EUR 21,5 milliún an ghlaniarraidh ar mhéideanna treisithe.

**Scoileanna Eorpacha**

Iarrtar treisiú EUR 8,7 milliún le haghaidh na Scoileanna Eorpacha chun tionchar na riachtanas breise a chumhdach ar feadh 6 mhí mar gheall ar an nuashonrú tuarastail idirmheánach ón 1 Eanáir 2023 ar aghaidh, agus mar gheall ar phraghsanna fuinnimh atá ard fós.

**Tionchar foriomlán agus mionsonraithe de réir Ranna**

Ar an iomlán, is é atá sa togra caiteachas neamhdhifreáilte cheannteideal 7 (Riarachán Poiblí Eorpach) a mhéadú faoi EUR 32,5 milliún le haghaidh 2023. Comhfhreagraíonn sé do mhéadú EUR 2,4 milliún le haghaidh chaiteachas riaracháin na nInstitiúidí eile, EUR 49,1 milliún le haghaidh phinsin na n-institiúidí uile agus EUR 8,7 milliún le haghaidh na Scoileanna Eorpacha. Cúitítear na méaduithe trí laghdú EUR 27,6 milliún ar chaiteachas riaracháin an Choimisiúin.

Seo a leanas an tionchar foriomlán ar chaiteachas:

*Méideanna in EUR*

| | Buiséad 2023 (lena n-áirítear buiséid leasaitheacha 1-2/2023 - dréachtbhuiséid leasaitheacha 3/2023) | Dréachtbhuiséad Leasaitheach 4/2023 | Buiséad 2023 |
|---|---|---|---|
| **Pinsin agus Scoileanna Eorpacha** | **2 566 476 000** | **57 787 126** | **2 624 263 126** |
| Pinsin | 2 341 995 000 | 49 100 000 | 2 391 095 000 |
| Scoileanna Eorpacha (COM) | 224 481 000 | 8 687 126 | 233 168 126 |
| **Caiteachas riaracháin na n- institiúidí** | **8 746 725 376** | **-25 269 000** | **8 721 456 376** |
| An Coimisiún | 4 059 678 702 | -27 619 000 | 4 032 059 702 |
| Institiúidí eile | 4 687 046 674 | 2 350 000 | 4 689 396 674 |
| Parlaimint na hEorpa | 2 247 134 550 | 0 | 2 247 134 550 |
| An Chomhairle | 647 908 757 | 0 | 647 908 757 |
| Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh | 486 025 796 | 0 | 486 025 796 |
| An Chúirt Iniúchóirí | 175 059 922 | 0 | 175 059 922 |
| Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa | 158 767 970 | 0 | 158 767 970 |
| Coiste na Réigiún | 116 125 392 | 550 000 | 116 675 392 |
| An tOmbudsman Eorpach | 13 212 447 | 0 | 13 212 447 |
| An Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí | 22 711 559 | 0 | 22 711 559 |
| An tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí | 820 100 281 | 1 800 000 | 821 900 281 |
| **Iomlán** | **11 313 201 376** | **32 518 126** | **11 345 719 502** |

Seo a leanas an tionchar foriomlán de réir Ranna:

Roinn III – An Coimisiún Eorpach

*Méideanna in EUR*

| Líne bhuiséid | Ainm | Leithreasuithe faoi chomhair gealltanas | Leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí |
|---|---|---|---|
| 20 01 02 01 | Luach saothair agus liúntais — Ceanncheathrú agus Oifigí Ionadaíochta | -27 619 000 | -27 619 000 |
| 21 01 01 | Pinsin agus liúntais | 49 100 000 | 49 100 000 |
| 21 02 01 01 | Oifig Ardrúnaí na Scoileanna Eorpacha (an Bhruiséil) | 1 062 919 | 1 062 919 |
| 21 02 01 02 | An Bhruiséil I | 688 850 | 688 850 |

| | | | |
|---|---|---|---|
| 21 02 01 03 | An Bhruiséil II | 2 533 248 | 2 533 248 |
| 21 02 01 04 | An Bhruiséil III | 163 514 | 163 514 |
| 21 02 01 05 | An Bhruiséil IV | 667 530 | 667 530 |
| 21 02 01 06 | Lucsamburg I | 1 591 725 | 1 591 725 |
| 21 02 01 07 | Lucsamburg II | | |
| 21 02 01 08 | Mol | 1 751 040 | 1 751 040 |
| 21 02 01 09 | Frankfurt | | |
| 21 02 01 10 | Karlsruhe | 102 831 | 102 831 |
| 21 02 01 11 | München | 21 967 | 21 967 |
| 21 02 01 12 | Alicante | 43 502 | 43 502 |
| 21 02 01 13 | Varese | 60 000 | 60 000 |
| 21 02 01 14 | Bergen | | |
| **Iomlán** | | **30 168 126** | **30 168 126** |

Roinn VII - Coiste Eorpach na Réigiún

*Méideanna in EUR*

| Líne bhuiséid | Ainm | Leithreasuithe faoi chomhair gealltanas | Leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí |
|---|---|---|---|
| 1 2 0 0 | Luach saothair agus liúntais | 300 000 | 300 000 |
| 2 0 2 4 | Tomhaltas fuinnimh | 250 000 | 250 000 |
| **Iomlán** | | **550 000** | **550 000** |

Roinn X - An tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí

*Méideanna in EUR*

| Líne bhuiséid | Ainm | Leithreasuithe faoi chomhair gealltanas | Leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí |
|---|---|---|---|
| 3 0 0 0 | Luach saothair agus teidlíochtaí na foirne reachtúla | 1 800 000 | 1 800 000 |
| **Iomlán** | | **1 800 000** | **1 800 000** |

## 5. An tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí (SEGS)

Tar éis don Chomhairle an t-aguisín a ghabhann le Téarmaí Tagartha agus Eagrúcháin ST 9762/17 Fhoireann Mhíleata an Aontais Eorpaigh (EUMS) an 9 Meitheamh 2017 a ghlacadh, agus i gcomhréir le forbairt an Chumais Mhíleata Pleanála agus Seolta (MPCC) mar a fhoráiltear i dTreochlár MPCC, tá SEGS ag cur lena líon Saineolaithe Náisiúnta Míleata ar Iasacht (saor ó chostas) i bhfoireann MPCC le + 20 post.

Beidh an oibríocht sin neodrach ó thaobh buiséid de, agus íocfar aon fhorchostas nó aon chostas coimhdeach a bhaineann leis na saineolaithe náisiúnta míleata sin in 2023 ó bhuiséad SEGS.

## 6. Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE)

Tá an Coimisiún ag moladh leibhéal na leithreasuithe a mhéadú ar mhaithe le slándáil fhoirgneamh agus chórais TF OIPE. Maidir leis na comhaid chasta íogaire a bhíonn á mbainistiú ag OIPE, éilítear leo slándáil fhoirgneamh agus chórais TF na gníomhaireachta a threisiú, agus tá sé beartaithe ochtar Gníomhairí Sealadacha breise a leithdháileadh ar an ngníomhaireacht. Dá bhrí sin, tá sé beartaithe buiséad OIPE a mhéadú faoi EUR 500 000 i leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus i leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí chun caiteachas thuarastail na foirne nua sa bhliain 2023 a chumhdach, ós rud é nach dtosóidh an earcaíocht go dtí deireadh 2023. Chun na leithdháiltí breise a chumhdach, sainaithníodh foinse ath-leithdháilte amháin laistigh d’fho-cheannteideal 2b. Dá bhrí sin, tá sé beartaithe suim EUR 500 000 i leithreasuithe faoi chomhair gealltanas a scaoileadh ón líne bhuiséid shainphribhléide lena gcumhdaítear caiteachas a bhaineann le tacaíocht a thabhairt do staidéir anailíseacha i réimse na fostaíochta agus na ngnóthaí sóisialta, agus sa réimse anailísí agus staidéar ar an staid shóisialta, ar an déimeagrafaíocht agus ar athrú déimeagrafach agus teaghlaigh.

*EUR*

| Líne bhuiséid | Ainm | Leithreasuithe faoi chomhair gealltanas | Leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí |
|---|---|---|---|
| *Roinn III – An Coimisiún* | | | |
| 07 10 08 | Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE) | 500 000 | 500 000 |
| 07 20 04 08 | Anailís agus staidéir ar an staid shóisialta, ar an déimeagrafaíocht agus ar an teaghlach | - 500 000 | 0 |
| **Iomlán** | | **0** | **500 000** |

Leagtar amach san iarscríbhinn bhuiséadach na hathruithe gaolmhara ar an bplean bunaíochta.

## 7. An Ghníomhaireacht Eorpach Comhshaoil (EEA)

Áiríodh sa togra ón gCoimisiún le haghaidh an Dlí um Athchóiriú Dúlra[11] cúraimí nua don Ghníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil, cúraimí a measadh go mbeadh gá le méid EUR 2 301 604 ina leith in 2023, arna bhfritháireamh ó chlár LIFE. I gcomhréir le hAirteagal 49 den Rialachán Airgeadais, cuireadh an méid sin isteach sa chúlchiste (an teideal 'forálacha'). Ós rud é go bhfuil caibidlíocht idirinstitiúideach fós ar siúl maidir leis an togra le haghaidh an Dlí um Athchóiriú Dúlra, tá sé beartaithe ag an gCoimisiún leithdháileadh 2023 a chur ar ais chuig clár LIFE mar seo a leanas:

*EUR*

| Líne bhuiséid | Ainm | Leithreasuithe faoi chomhair gealltanas | Leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí |
|---|---|---|---|
| *Roinn III – An Coimisiún* | | | |
| 09 02 02 | Geilleagar ciorclach agus cáilíocht saoil | 2 301 604 | 2 301 604 |
| 30 02 02 | Leithreasuithe difreáilte (*Cúlchiste le haghaidh airteagal buiséid 09 10 02*) | - 2 301 604 | - 2 301 604 |
| **Iomlán** | | **0** | **0** |

## 8. Maoiniú

Ar an iomlán, is éard is glantionchar an dréachtbhuiséid leasaithigh seo laghdú EUR 247,5 milliún i leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus EUR 3 254,8 milliún i leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí faoi bhuiséad 2023.

[11] COM(2022) 304, 22.6.2022.

## 9. TÁBLA ACHOMAIR DE RÉIR CHEANNTEIDEAL CAI

| | | Buiséad 2023 (lena n-áirítear buiséid leasaitheacha 1-3/2023) | | Dréachtbhuiséad Leasaitheach 4/2023 | | Buiséad 2023 (lena n-áirítear buiséid leasaitheacha 1-3/2023 agus Dréachtbhuiséad Leasaitheach 4/2023) | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | **LfcG** | **LfcÍ** | **LfcG** | **LfcÍ** | **LfcG** | **LfcÍ** |
| **1.** | **An Margadh Aonair, an Nuálaíocht agus Cúrsaí Digiteacha** | **21 695 056 589** | **20 802 892 074** | **-280 000 000** | **-612 560 284** | **21 415 056 589** | **20 190 331 790** |
| | *Lena n-áirítear, faoin Ionstraim Sholúbthachta* | | | | | | |
| | *Uasteorainn* | *21 727 000 000* | | | | *21 727 000 000* | |
| | *Corrlach* | *31 943 411* | | *280 000 000* | | *311 943 411* | |
| **2.** | **Comhtháthú, Athléimneacht agus Luachanna** | **70 586 704 063** | **58 058 661 399** | | **-1 730 769 891** | **70 586 704 063** | **56 327 891 508** |
| | *Lena n-áirítear, faoin Ionstraim Sholúbthachta* | *182 220 073* | | | | *182 220 073* | |
| | *Lena n-áirítear, faoin Ionstraim Corrlaigh Aonair 11(1)(a)* | *280 000 000* | | | | *280 000 000* | |
| | *Uasteorainn* | *70 137 000 000* | | | | *70 137 000 000* | |
| | *Corrlach* | *12 516 010* | | | | *12 516 010* | |
| 2a. | Comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach | 62 926 483 990 | 50 874 959 229 | | -1 731 269 891 | 62 926 483 990 | 49 143 689 338 |
| | *Lena n-áirítear, faoin Ionstraim Sholúbthachta* | | | | | | |
| | *Uasteorainn* | *62 939 000 000* | | | | *62 939 000 000* | |
| | *Corrlach* | *12 516 010* | | | | *12 516 010* | |
| 2b. | Athléimneacht agus luachanna | 7 660 220 073 | 7 183 702 170 | | 500 000 | 7 660 220 073 | 7 184 202 170 |
| | *lena n-áirítear, faoin Ionstraim Sholúbthachta* | *182 220 073* | | | | *182 220 073* | |
| | *Lena n-áirítear, faoin Ionstraim Corrlaigh Aonair 11(1)(a)* | *280 000 000* | | | | *280 000 000* | |
| | *Uasteorainn* | *7 198 000 000* | | | | *7 198 000 000* | |
| | *Corrlach* | | | | | | |
| **3.** | **Acmhainní Nádúrtha agus an Comhshaol** | **57 218 143 225** | **57 432 545 265** | | **-685 000 000** | **57 218 143 225** | **56 747 545 265** |
| | *lena n-áirítear, faoin Ionstraim Sholúbthachta* | | | | | | |
| | *Uasteorainn* | *57 295 000 000* | | | | *57 295 000 000* | |
| | *Corrlach* | *76 856 775* | | | | *76 856 775* | |
| | **Lena n-áirítear: Caiteachas a bhaineann leis an margadh agus íocaíochtaí díreacha** | **40 692 211** | **40 698 181 356** | | | **40 692 211** | **40 698 181 356** |
| | *Fo- uasteorainn CERT* | *41 518 000 000* | | | | *41 518 000 000* | |
| | *An difríocht slánaithe fágtha as an áireamh chun an fochorrlach a ríomh* | *800 000* | | | | *800 000* | |
| | *Glanaistrithe idir CERT agus CETFT* | *-825 800 000* | | | | *-825 800 000* | |
| | *An t- iarmhéid glan atá ar fáil le haghaidh chaiteachas CERT (fo-uasteorainn arna ceartú le haistrithe idir CERT agus CETFT)* | *40 693 000 000* | | | | *40 693 000 000* | |
| | *Fochorrlach CERT* | *789 000* | | | | *789 000* | |
| **4.** | **Imirce agus Bainistiú Teorainneacha** | **3 727 311 518** | **3 038 380 252** | | **-259 000 000** | **3 727 311 518** | **2 779 380 252** |
| | *Lena n-áirítear, faoin Ionstraim Sholúbthachta* | | | | | | |
| | *Uasteorainn* | *3 814 000 000* | | | | *3 814 000 000* | |
| | *Corrlach* | *86 688 482* | | | | *86 688 482* | |
| **5.** | **Slándáil agus Cosaint** | **2 116 636 829** | **1 137 374 612** | | | **2 116 636 829** | **1 137 374 612** |
| | *lena n-áirítear, faoin Ionstraim Sholúbthachta* | *170 636 829* | | | | *170 636 829* | |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| *Uasteorainn* | *1 946 000 000* | | | | *1 946 000 000* | |
| *Corrlach* | | | | | | |
| **6. An Chomharsanacht agus an Domhan** | **17 211 879 478** | **13 994 937 845** | | | **17 211 879 478** | **13 994 937 845** |
| *lena n-áirítear, faoin Ionstraim Sholúbthachta* | *882 879 478* | | | | *882 879 478* | |
| *Uasteorainn* | *16 329 000 000* | | | | *16 329 000 000* | |
| *Corrlach* | | | | | | |
| **7. Riarachán Poiblí Eorpach** | **11 313 201 375** | **11 313 201 375** | **32 518 126** | **32 518 126** | **11 345 719 501** | **11 345 719 501** |
| *Lena n-áirítear, faoin Ionstraim Sholúbthachta* | | | | | | |
| *Uasteorainn* | *11 419 000 000* | | | | *11 419 000 000* | |
| *Corrlach* | *105 798 625* | | *-32 518 126* | | *73 280 499* | |
| **lena n- áirítear: Caiteachas riaracháin na n- institiúidí** | **8 745 681 899** | **8 745 681 899** | **-25 269 000** | **-25 269 000** | **8 720 412 899** | **8 720 412 899** |
| *Fo-uasteorainn* | *8 772 000 000* | | | | *8 772 000 000* | |
| *Fochorrlach* | *26 318 101* | | *25 269 000* | | *51 587 101* | |
| **Leithreasuithe le haghaidh ceannteideal** | **183 868 933 077** | **165 777 992 822** | **-247 481 874** | **-3 254 812 049** | **183 621 451 203** | **162 523 180 773** |
| ***Uasteorainn*** | ***182 667 000 000*** | ***168 575 000 000*** | | | ***182 667 000 000*** | ***168 575 000 000*** |
| ***Lena n-áirítear, faoin Ionstraim Sholúbthachta*** | ***1 235 736 380*** | ***948 114 733*** | | | ***1 235 736 380*** | ***948 114 733*** |
| ***Lena n-áirítear, faoin Ionstraim Corrlaigh Aonair 11(1)(a)*** | ***280 000 000*** | | | | ***280 000 000*** | |
| ***Corrlach*** | ***313 803 303*** | ***3 745 121 911*** | ***247 481 874*** | ***3 254 812 049*** | ***561 285 177*** | ***6 999 933 960*** |
| **Ionstraimí speisialta téamacha** | **2 855 153 029** | **2 679 794 000** | | | **2 855 153 029** | **2 679 794 000** |
| **Iomlán na leithreasuithe** | **186 724 086 106** | **168 457 786 822** | **-247 481 874** | **-3 254 812 049** | **186 476 604 232** | **165 202 974 773** |